Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**12730/23**

**FIN 903
INST 323
PE-L 29**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12408/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 23 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo méid EUR 3.46 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí a aistriú ó Airteagal 30 02 02 (leithreasuithe difreáilte) go hAirteagal 08 05 01 (*Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tír*), mar a leagtar amach in 12408/23.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Is é is cuspóir don aistriú sin na nithe seo a leanas a chumhdach:

- oibleagáidí airgeadais 2023 mar thoradh ar Phrótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPA) idir an tAontas agus Poblacht Mhadagasacar agus Poblacht Chireabaití.

- gabhálacha breise a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2023 mar a leagtar amach san SFPA ábhartha agus sa Phrótacal le haghaidh Rialtas Phoblacht na Séiséal.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Meán Fómhair 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 12408/23 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

<u>DRÉACHTLITIR</u>

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl leis seo duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 11/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).